

RÉAMHRÁ AR THUARASCÁIL AR THÓRTHAÍ

AN PHRÓISIS CHOMHAIRLIÚCHÁIN MAIDIR LE SEIRBHÍS NUACHTA GAEILGE

Ag tús an earraigh cuireadh deireadh leis an chonradh a bhí ag Torann na dTonn leis an nuachtán seachtainiúil *Gaelscéal* a fhoilsiú, mar gheall ar an teip a dhóthain nuachtán a dhíol.

I bhfaisnéis leibhéal íseal an díolacháin a bhí ag *Gaelscéal* agus an t-easpa spéise a léirigh pobal na Gaeilge ann mar thomhaltóirí den táirge, theastaigh ó Fhoras na Gaeilge tuairimí an phobail a fháil amach ar cén fáth nach raibh go leor acu ag ceannach an nuachtáin agus plé a dhéanamh ar na roghanna d'fhormáidí éagsúla de sheirbhís nuachta trí mheán na Gaeilge a chinntiú amach anseo.

Ba mhaith le Foras na Gaeilge torthaí an phróisis sin a fhoilsiú. Rinneadh suirbhé a reáchtáil agus eagraíodh sraith de chruinnithe i bhfoirm fócasghrúpaí le tuairimí níos mine a bhailiú. Ghlac 553 duine páirt sa suirbhé ar líne agus 37 duine páirt i gcúig fhócasghrúpa. Léirigh go leor de na rannpháirtithe sa phróiseas gur nuachtán clóite is mó a ba mhaith leo.

Aithníonn Foras na Gaeilge go bhfuil feidhm nach beag ag na meáin chlóite ó thaobh forbairt agus caomhnú teanga atá faoi bhagairt. Déanann na meáin go ginearálta pobal labhartha na teanga a dhlúthú agus a dhaingniú. Maise, sa 21ú hAois, cruthaíonn na meáin pobail. Tá cumhacht ag baint leo. Cónaímid i ndomhan atá ag athrú go gasta agus bíonn teangacha ag athrú leis sin - focail nua á gcumadh, struchtúr agus rialacha gramadaí á gcur in oiriúint do na hathruithe. Is iad na meáin a chuireann téarmaíocht i mbéal an phobail. Sa chomhthéacs sin tá dualgas ar an Fhoras, ní hamháin le freastal a dhéanamh ar pobal léitheoireachta na Gaeilge, ach céimeanna a ghlacadh a chuirfidh leis an phobal sin.

Bíonn tuairimí an phobail tábhachtach d'Fhoras na Gaeilge agus tá An Coiste Nuachtán is Irisí de chuid an Fhorais sásta bheith ábalta torthaí ár gcuid taighde a fhoilsiú. Tá sé tábhachtach go mbeidh taifead poiblí ann ar a raibh le rá. Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil leo siúd a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin. Éisteadh go cúramach lena raibh le rá ag gach duine a bhí páirteach. Tugann an tuairisc seo ar an dá ghné den taighde le fios gur mian le go leor daoine nuachtán seachtainiúil clóite bheith ar fáil go fóill.

Tá seirbhís rialta nuachta á soláthar do phobal na Gaeilge i bhformáid chlóite le breis agus 100 bliain ó nuachtáin laethúla agus seachtainiúla. Bhí buaicphointe ann sna 1950í nuair a bhí an nuachtán *Inniu* ag díol 20,000 cóip in aghaidh an lae. Bhí díolachán an nuachtáin sin tite go mór roimh dheireadh a ré agus ó shin amach tá an díolachán ar nuachtáin chlóite ag cnapadh leis. Bhí 1,346

cóip á ndíol ag *Gaelscéal* in aghaidh na seachtaine ag a dheireadh ar deontas de €400,000 in aghaidh na bliana.

Cuireann an titim seo isteach ar dhíolacháin sna mór-theangacha chomh maith leis na mionteangacha. Is i gcomhthéacs fhás an idirlín atá seo ag tarlú ach ó thaobh na Gaeilge de, cuirtear leis an deacracht mar gheall ar dheacrachtaí díolacháin agus dáileacháin. Le linn don idirphlé faoin todhchaí níor nochtadh aon tuairim ar cad é mar is féidir na dúshláin a bhaineann le dáileachán a shárú.

Is mór dúinn an comhthéacs iomlán a léirítear thuas a aithint agus todhchaí na meán clóite á plé againn. Agus Foras na Gaeilge ag glacadh cinneadh ar an bhealach chun cinn rinneadh machnamh ar na tuairimí a léiríodh sa taighde a rinneamar agus leanamar an t-idirphlé a tharla sna meáin, áit ar léiríodh tuairimí nár tháinig chun cinn inár dtaighde féin.

I bhfaisnéis na titime síoraí atá i ndiaidh teacht ar dhíolachán nuachtán trí mheán na Gaeilge agus an titim de 25% atá i ndiaidh teacht ar bhuiséad Foras na Gaeilge le cúig bliana anuas, mar aon le gearradh substaintiúil eile tuartha don bhliain seo chugainn, ní bheadh sé de chumas ag Foras na Gaeilge díriú ar nuachtán seachtainiúil clóite a fhoilsiú le haon deontas ónár n-acmhainní teoranta agus na fadhbanna leanúnacha a bhaineann le dáileadh fós gan sárú.

Tá fás leanúnach ag teacht ar líon na ndaoine a léann a gcuid nuachta ar an idirlíon. Ní chreidimid gur bagairt é an t-idirlíon. Is deis eile atá ann. Tá níos mó á scríobh agus á léamh anois trí mheán na Gaeilge ná mar a bhí riamh. Mar sin de tá Foras na Gaeilge ag cur tús le próiseas tairisceana poiblí le conradh de luach €1.2 milliún le seirbhís nuachta ar líne a sholáthar thar ceithre bliana. Tá sé tábhachtach go ngníomhóimid le caighdeán arda a chinntiú le go mbeidh sé ar chomhchéim lena bhfuil ar fáil sa Bhéarla.

Foras na Gaeilge, 17 Nollaig 2013.

**Anailís ar thorthaí an tsuirbhé phobail agus ar mholtaí ón tsraith
fócasghrúpaí**

maidir le

soláthar seirbhís nuachta

Róisín Ní Mhaolchallann

Regina Uí Chollatáin

8 Nollaig 2013



Foras na Gaeilge

Clár

Lch.

Cúlra

3

Anailís

5

Concluidí

9

1. Cúlra do na torthaí

Bhí dhá chuid i gceist leis an bpróiseas le tuairimí agus moltaí a bhailiú maidir leis an tseirbhís nuachta is fearr le pobal na Gaeilge agus a theastaíonn ó phobal na Gaeilge amach anseo. Don chéad chuid den phróiseas, reáchtáil Foras na Gaeilge suirbhé pobail ar sholáthar seirbhís nuachta i mí Aibreáin 2013 agus don dara chuid den phróiseas reáchtáladh sraith fócasghrúpaí ar fud na tíre i mí na Bealtaine 2013.

1. Struchtúr agus leagan amach an tsuirbhé

- Ba fiche cheist san iomlán a bhí sa suirbhé agus bhí deis ag an bpobal moltaí a dhéanamh ag an deireadh maidir le soláthar seirbhís nuachta trí mheán na Gaeilge.
- Fuarthas 553 freagra ar an iomlán ón suirbhé.
- Bhí beagnach leath de rannpháirtithe (48%/ 263 freagra) sna 30idí agus sna 20idí.
- Bhí cónaí ar a bhformhór de rannpháirtithe sna 26 chontae (75% /415 freagra).
- Bhí cónaí ar a bhformhór taobh amuigh den Ghaeltacht (78%/ 426 freagra).

Dhírigh an suirbhé ar na hábhair seo a leanas:

- Cúlra na rannpháirtithe; cén aoisghrúpa lena mbaineann siad, cárbh as dóibh agus an as don Ghaeltacht nó taobh amuigh den Ghaeltacht dóibh?
- Cén foinsí nuachta is mó atá in úsáid acu, minicíocht na húsáide agus cad iad na nuachtáin Bhéarla a cheannaíonn na rannpháirtithe?
- Cad iad tuairimí na rannpháirtithe maidir le *Gaelscéal*, *Foinse* (anuas go 2009) agus *Lá Nua*?
- Cén t-ábhar nuachta is mó a bhfuil suim ag na rannpháirtithe ann?
- Cén formáid is fearr agus an bhfuil an pobal toilteanach íoc as an bhformáid sin?

2. Struchtúr agus leagan amach na bhfócasghrúpaí

- Roghnaíodh cúig réigiún ar fud na tíre do na fócasghrúpaí agus tugadh cuireadh do thríocha duine i ngach réigiún.
- Ba iad na réigiúin a roghnaíodh ná: Connachta, Laighin, an Mhumhain, Uladh (Dún na nGall) agus an Tuaisceart.
- D'fhreastail idir triúr agus deichniúr rannpháirtithe ar na fócasghrúpaí ar deireadh.

Dhírigh na fócasghrúpaí ar na hábhair seo a leanas:

- Seirbhís nuachta trí mheán na Gaeilge; cén riachtanas nuachta atá ag an bpobal agus cén t-ábhar nuachta atá á lorg acu?
- Rochtain ar nuacht trí Ghaeilge agus minicíocht úsáide na seirbhíse; an gceannaítear nuachtán go laethúil, go seachtainiúil nó ag an deireadh seachtaine?
- Nósanna maidir le cén áit a bhfaigheann pobal na Gaeilge a chuid nuachta; céard iad na hirisí, nuachtáin, foilseacháin Ghaeilge a léitear?
- An chaoi gur mhaith le pobal na Gaeilge nuacht a fháil; nuachtán clóite nó seirbhís ar líne nó meascán den dá rud? Cén dearcadh atá ag an bpobal maidir le costas na seirbhíse seo?

2. Anailís ar na torthaí

Is iad na príomhthorthaí agus na príomh-mholtaí ón tsuirbhé pobail agus ón tsraith fócasghrúpaí atá le fáil sa tuarascáil seo.

1. Riachtanais nuachta na rannpháirtithe

- Sa suirbhé pobail roghnaíodh an t-idirlíon mar an fhoinse nuachta is minice a úsáidtear (45%/ 244 freagra).
- Maidir le minicíocht úsáide de réir an tsuirbhé baintear úsáid as an bhfoinse nuachta is fearr leis na rannpháirtithe go laethúil den chuid is mó (86%/ 476 freagra).
- Luaigh roinnt de rannpháirtithe na bhfócasghrúpaí an t-idirlíon mar fhoinse nuachta chomh maith.
- Tá seirbhís nuachta iomlán ar an idirlíon ag teastáil go géar ó phobal na Gaeilge.
- Ceannaíonn roinnt de rannpháirtithe na bhfócasghrúpaí nuachtáin gach lá den tseachtain.
- Is ag an deireadh seachtaine is mó a léann na rannpháirtithe nuachtáin agus foilseacháin eile.
- Meastar go bhfuil gá ann fós do nuachtán clóite a thabharfadh stádas tábhachtach don Ghaeilge.
- Caithfidh an iriseoireacht agus an eagarthóireacht a bheith ar ardchaighdeán, iriseoirí gairmiúla a fhostú agus cúrsaí a chur ar fáil chun ardchaighdeán a chinntiú.
- Moltar painéal profléitheoirí don tseirbhís nua.

2. Tuairimí maidir le hábhar

- Maidir leis an ábhar nuachta is mó suime ní raibh difríocht an-mhór idir na hábhair ar fad sa suirbhé pobail. Roghnaigh an líon is mó rannpháirtithe 'nuacht náisiúnta' (11%/ 412 freagra).
- Caithfear anailís láidir a bheith ar fáil sa tseirbhís nua agus meon neamhspleách.
- Braitheann líon áirithe rannpháirtithe gur sa nuachtán clóite a dhéantar anailís cheart ar ábhar seachas ar líne.
- Tá tábhacht ar leith ag baint le nuacht áitiúil a bheith scríofa sna canúintí éagsúla.
- Tá gá le nuacht náisiúnta agus nuacht ar chúrsaí reatha chomh maith.

- Braitheann an pobal go bhfuil súil eile ag lucht na Gaeilge agus tuairimíocht ar leith acu ar imeachtaí an domhain. Caithfear ardán a thabhairt don tuairimíocht seo.
- Teastaíonn anailís láidir ar chúrsaí spóirt.
- Tá gá le nuacht faoi shaol phobal na Gaeilge agus na hinstitiúidí / eagraíochtaí Gaeilge ach moladh gur chóir síorchaint ar an nGaeilge féin a sheachaint.
- Teastaíonn ábhar siamsaíochta, ceoil, litríochta, agus ealaíne ón bpobal.
- Ba mhaith an rud é fógraí báis a bheith foilsithe i nuachtán Gaeilge.
- Ba cheart ábhar éigin a bheith ann do léitheoirí óga.
- Crosfhocal dushlánach agus ceann níos éasca d'fhoghlaimoirí mar aon le sudoku.
- Sceideal raidió agus teilifíse.
- Ailt d'fhoghlaimoirí- ceachtanna gramadaí nó ailt le foclóir / gluais.
- Eolas faoi dheiseanna fostaíochta, comórtais agus eolas faoi imeachtaí.

3. Tuairimí maidir le seirbhísí nuachta eile

- Sa suirbhé pobail ba 59% nó 327 duine a dúirt go gceannaíonn siad nuachtán Béarla go rialta agus is mórbhileog náisiúnta laethúil a cheannaíonn formhór acu (81% / 302 freagra).
- Maidir leis na nuachtáin Ghaeilge bhí 66% de rannpháirtithe an tsuirbhé den tuairim go raibh *Foinse* (suas go 2009) go maith nó an-mhaith agus 56% den tuairim go raibh *Gaelscéal* go maith nó an-mhaith. Moltar iad seo sna fócasghrúpaí chomh maith.
- Is é an *Irish Times* an nuachtán is mó a léitear. Moltar na hailt Ghaeilge ar an gCéadaoin.
- Moltar an *Irish Independent* as anailís mhaith a dhéanamh ar chúrsaí spóirt.
- Tugtar moladh do na nuachtáin Ghaeilge *Goitse*, *Lá*, *Nuacht Mhuscraí* agus *Glór Chonamara*, na nuachtáin Bhéarla *The Sunday Times* agus *The Sunday Tribune* (agus *Inniu* a bhí le fáil leis), na seirbhísí idirlín *Gaelport*, *beo.ie*, *Nuacht 24* agus na hirísí *Comhar* agus *Feasta*.
- Tugtar ardmholadh do Raidió na Gaeltachta agus ceistíodh an bhféadfadh ról a bheith ag an raidió maidir le nuacht a sholáthar do sheirbhís idirlín?

4. Moltaí maidir le costas na seirbhíse

- Dúirt 85% de rannpháirtithe an tsuirbhé go mbeadh siad sásta íoc as an tseirbhís nuachta.
- Den chuid is mó níl an pobal sásta íoc as seirbhís ar líne.
- Tá rannpháirtithe an tsuirbhé agus na bhfócasghrúpaí sásta íoc as táirge clóite ar ardchaighdeán.
- Moladh go mbeadh plean margaíochta láidir de dhíth le branda cumhachtach, ainm tarraingteach agus leagan amach tarraingteach.
- Úsáid a bhaint as foinsí idirlín go háirithe do chúrsaí margaíochta agus poiblíochta.
- Ceapadh go mbeadh sé níos tábhachtaí nuachtán Gaeilge a bheith ann agus a bheith feiceálach ná brabús a dhéanamh.
- Samhlaíodh go bhfuil gá le maoiniú do nuachtán clóite Gaeilge mar go mbeadh sé ró-luath dul i dtreo an idirlín amháin. Níorbh fholáir maoiniú a chur ar fáil don dá fhóram.
- Tábhacht le leanúnachas na seirbhíse le tacaíocht agus muinín an phobail a chinntiú.

5. Moltaí i leith múnla na seirbhíse

- Tá seirbhís iomlán nuachta ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge atá suas chun dáta de dhíth ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta i gcónaí.
- Maidir leis an bhformáid is fearr leis an bpobal, roghnaíodh nuachtán náisiúnta, clóite, seachtainiúil, lán-Ghaeilge sa suirbhé pobail (43%/ 236 freagra).
- Luaigh 17% nó 95 duine a ghlac páirt sa suirbhé go mbeadh siad sásta le foilseachán nuachta leictreonach ar bheith ar fáil ar líne amháin.
- Bhí 25% nó 138 duine ann ar theastaigh meascán den dá sheirbhís uathu.
- Moltar go gcuirtear an foilseachán ar fáil ag an deireadh seachtaine nuair atá cúrsaí spóirt suas chun dáta agus nuair is féidir anailís a dhéanamh ar mhórimreachtaí na seachtaine agus am ag daoine léitheoireacht a dhéanamh. Ní dhearnadh aon idirdhealú idir na fóraim sa chás seo.
- Moltar go bhféadfar suíomh lárnach a chruthú trí ról a bheith ag TG4, RnaG agus RTÉ i soláthar na seirbhíse seo.

- Tá féidearthachtaí móra ann leis na meáin shóisialta agus le haipeanna leis an aos óg a mhealladh.
- Is meascán de mheáin éagsúla is mó gur mhaith leis an bpobal- seirbhís ar líne leis an nuacht te agus nuachtán clóite ar ardchaighdeán Gaeilge le hanailís a dhéanamh.
- Mura bhfuil nuachtán seachtainiúil indéanta bhí moltaí ann do nuachtán a bheadh ar fáil gach coicís nó go míosúil le suíomh idirlín údarásach ag tacú leis nó moltaí chun forlíonadh a chur ar fáil le nuachtán náisiúnta Béarla ar nós *The Irish Times* nó *The Sunday Business Post*.
- D'fhéadfaí níos mó ailt Ghaeilge a chur i nuachtáin Bhéarla chomh maith.

3. Conclúidí

Is léir ó thorthaí an tsuirbhé phobail agus ó na tuairimí agus na moltaí a d'eascair ón tsraith fócasghrúpaí, agus nuachtán agus foinsí nuachta á ríomh, go mbeadh dhá tháirge iriseoireachta tairbheach do phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta amach anseo. Meastar go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le seirbhís nuachta ar líne a chuirfeadh nuacht ar fáil ar an bpointe. Teastaíonn ón bpobal go mbeidh seirbhís iomlán nuachta ar fáil ar líne a bheadh suas chun dáta leis an nuacht te ar fáil uirthi. Meabhraítear nach bhfuil fáil ag gach duine ar an idirlíon, áfach, agus meastar go bhfuil sé róluath le bheith ag dul i dtreo an idirlíon amháin. Ba mhaith le pobal na Gaeilge go mbeadh nuachtán clóite ar fáil chomh maith agus go mbeadh fáil air go forleathan ar fud na tíre. Ní shamhlaíonn pobal na Gaeilge go bhfuil deireadh le ré na nuachtán clóite go fóill. Aithnítear na dúshláin dáileacháin

agus margaióchta ach braitear go bhfuil ról ag an nuachtán cló i gcónaí agus aithnítear fiúntas an idirlín ag dul ar aghaidh..

Aithnítear an dúshlán a bhaineann le seirbhís nuachta trí Ghaeilge a chur ar fáil agus aithnítear go bhfuil srianta ann maidir le maoiniú ach creidtear ar an iomlán gur fiú an t-airgead a chaitheamh ar sheirbhís nuachta Ghaeilge, má tá sí ar ardchaighdeán. Tá an chosúlacht air ón suirbhé agus ó mholtaí na bhfócasghrúpaí, má dhéantar iarracht cheart seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar go mbeidh pobal na Gaeilge ar fud na tíre sásta tacaíocht a thabhairt di. Aithnítear an gá le hóc as an tseirbhís a chuirfeadh le luach an ábhair.

Tá pobal na Gaeilge ag súil anois le seirbhís nuachta scríofa Gaeilge a bheith ar fáil dóibh arís go luath, agus é a bheith ar fáil ar an dá fhóram dá bhféadfaí é. Tá súil acu go mbeidh leanúnachas ann as seo amach agus go ndéanfar pleanáil agus poiblíocht cheart ar an chéad seirbhís eile a chuirfear ar fáil. Thar aon rud eile, ní foláir gairm an iriseora a chothú agus an folús atá ann faoi láthair san earnáil a líonadh ionas go leantar le saibhreas agus le feabhas na gcaighdeán iriseoireachta sa Ghaeilge . Tuigtear go bhfuil nósanna léitheoireachta nuachta ag athrú de shíor agus go bhfuil gá le cruthaitheacht áirithe faoi láthair.

Ainneoin fosta gur idirthréimhse í seo do na meáin ar fad, is gá tógáil ar na fréamhacha atá curtha le breis agus céad bliain anuas go háirithe, le seirbhís nuachta agus iriseoireachta a chinntiú don chéad ghlúin eile. Is cinnte gur áis luachmhar í seirbhís nuachta / iriseoireachta na Gaeilge agus gur gá í a chosaint, a chaomhnú, agus a fhorbairt.